Muca

Naisc leis an gcuraclam:

- **Eolaíocht** — Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** — Imshaoil dhaonna
- **OSPS** — Mise agus an domhan mór

Cuspóirí an cheachta:

Féachaint siar ar ábhar Roinn 1. Eolas a chur ar bhaill coirp na muice. Plé a dhéanamh ar shaol muc, cad a itheann siad agus cá mbíonn cónaí orthu.

Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul tríd an bhfoclóir agus na coincheapa a múineadh i Roinn 1 roimh thosú ar an gceacht.

Foclóir agus Coincheapa Roinn 1:

cráin **collach** **banbh** **ál** **ag gnúsachtach** **bothán** **feoil**

Faighimid feoil mar liamhás, slisíní agus ispíní ó mhuca. Tugtar cráin ar an ainmhí baineannach. Tugtar collach ar an ainmhí fireannach. Tugtar banbh ar an ainmhí óg. Cónaíonn muca i mbotháin.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne seo a leanas.

Foclóir don cheacht seo:

smut **crúibíní** **eireaball** **min**

Cén chuma atá ar mhuca?

De ghnáth, bíonn craiceann bándearg ag muca ach bíonn dathanna difriúla orthu freisin, dubh agus donn san áireamh! Tugtar **smut** ar an tsrón atá ag muc agus úsáideann an mhuc an smut seo chun bheith ag tochailt sa chré chun bia a fháil. Tugtar **crúibíní** ar chosa na muice. Tá ceithre mhéar coise ar an gcrúibín, dhá cheann a sheasann ar an talamh (mar ghnáthchrúb) agus dhá cheann eile taobh thiar den rúitín. Bíonn **eireaball** gearr catach ag an muc agus úsáideann sí é chun cuileoga a scaipeadh.



Cad a itheann siad?

Itheann muca **min** atá déanta as arbhar. (Níos mó eolais ar arbhar ar leathanach 14).

An raibh a fhios agat go bhfuil muca an-chliste?



Ceapann go leor daoine gur ainmhithe salacha iad muca ach a mhalairt atá fíor. Tá siad fíor-chliste. Foghlaimíonn siad níos tapúla ná capaill nó madraí agus tá sé éasca iad a mhúineadh. Coinníonn siad a leapacha glan agus téann siad go dtí an leithreas i gcúinne dorcha atá i bhfad ón leaba. Le linn an tsamhraidh má bhíonn na muca amuigh faoin aer, is cosúil go mbíonn siad ag únfairt sa lathach chun iad féin a fhuarú. Is féidir le muca a bheith dóite ag an ngrian agus is cosaint ón ngrian í an lathach.

Gníomhaíochtaí:

- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 22.
- Is féidir póstaer a chruthú a thaispeánann go soiléir smut, crúibín agus eireaball na muice leis na lipéid sin air.
- Is féidir breathnú ar an scannán Babe agus plé a dhéanamh ar cé chomh éasca is a bhí sé Babe a mhúineadh.
- Is féidir leis na páistí liosta de tháirgí muice a tharraingt.
- Is féidir leis na páistí pictiúir de chlann muc a tharraingt leis na lipéid cráin, collach agus banbh air.
- Le tacaíocht an mhúinteora, is féidir leis na páistí dúcheist a chumadh le haghaidh ainmhithe na feirme. Mar shampla "Tá ceithre chos agam, tugaim bainne do mo pháistí agus tá eireaball gearr catach agam. Cé mise?"
- Déan plé ar an timpeallacht - go bhfuil orainn í a roinnt le plandaí agus ainmhithe agus go bhfuil daoine ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil.
- Déan scrúdú ar ghriangraif / phictiúir de mhuca. Déan comparáid idir muca agus ainmhithe feirme eile ó thaobh datha, aird, áit cónaithe, a dtáirgí agus mar sin de.
- Tabhair cuairt ar fheirm nó tabhair cuireadh d'Fheirm Agriaware teacht chuig an scoil. Bain úsáid as ceamara digiteach na scoile chun griangraf a thógail de mhuca agus déan scrúdú ar cé chomh glan is atá siad.
- Tá ábhair bhreise le fáil i Ranna 3 agus 4.

Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta, ba chóir go dtuigfidh an páiste an foclóir a bhaineann le baill coirp na muice. Ba chóir go mbeadh eolas acu ar shaol na muc, cá bhfuil cónaí orthu agus cad a itheann siad.

Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie
- "Agriculture – Cool or what?" DVD/físéip ar fáil saor in aisce ó oifig Agri Aware.

Muca

Ainm: _____

Dáta: _____

1 Féach ar na pictiúir agus líon isteach na bearnaí.

Seo iad na m_____.



Seo é an b_____.



An raibh a fhios agat?
Úsáideanann an mhuc a heireaball chun cuileoga a bhualadh

2 Féach ar an bpictiúr agus tarraing líne idir na focail agus an píosa ceart den phictiúr.

Smut (Srón)

Eireaball

Súile

Crúibíní (Cosa)



*Is féidir an bhileog seo a úsáid le Treoirlínte an Mhúinteora leathanach 10